2026/750

1.4.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/750 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Márta 2026

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'ECA Disinfect skin Product family 7' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 3 Meitheamh 2022, chuir ECA consortium A/S iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ar údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha ar a dtugtar 'ECA Disinfect skin Product family 7' de chineálacha táirgí 1 agus 3, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé deimhniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Danmhairge meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Rinneadh taifead den iarratas faoin gcás-uimhir BC-HJ075974-23 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is é clóirín gníomhach a scaoileadh ó aigéad hipeaclórúil an tsubstaint ghníomhach in 'ECA Disinfect skin Product family 7' , ar substaint í atá ar an liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineálacha táirgí 1 agus 3.

(3) An 12 Samhain 2024, chuir an t-údarás inniúil meastóireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, tuarascáil mheasúnaithe agus conclúidí a mheastóireachta faoi bhráid na Gníomhaireachta.

(4) An 5 Meitheamh 2025, chuir an Ghníomhaireacht tuairim ([2]) uaidh faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, sin agus an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh ('AST') le haghaidh 'ECA Disinfect skin Product family 7', maille leis an tuarascáil mheasúnaithe deiridh i ndáil leis an bhfine táirgí bithicídeacha.

(5) Is é conclúid na tuairime sin gur fine táirgí bithicídeacha atá in 'ECA Disinfect skin Product family 7' de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir chomhlíonadh an dréacht-AST, go sásaíonn sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(6) den Rialachán sin. Molann an Ghníomhaireacht, áfach, nach n-údarófaí an fhine táirgí bithicídeacha ach amháin le haghaidh na húsáide 'Díghalrú lámh, cur i bhfeidhm neamhliachta' le haghaidh chineál táirge 1 a thuairiscítear faoi roinn 2.1 den tuairim. Maidir leis na húsáidí eile le haghaidh chineál táirge 1 agus maidir leis an úsáid le haghaidh chineál táirge 3 a ndearna an t-iarratasóir iarratas ina leith, ní mholtar iad le haghaidh údarú ón nGníomhaireacht.

(6) An 23 Meitheamh 2025, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-AST, i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, a tharchur chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Comhaontaíonn an Coimisiún leis an tuairim ón nGníomhaireacht agus measann sé, dá bhrí sin, gurb iomchuí údarú Aontais a dheonú le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'ECA Disinfect skin Product family 7' le haghaidh na húsáide 'Díghalrú lámh, cur i bhfeidhm neamhliachta' agus le haghaidh na úsáide sin amháin, i gcás chineál táirge 1.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Tuairim an 15 Bealtaine 2025 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'ECA Disinfect skin Product family 7' (ECHA/BPC/476/2025), https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, deonaítear údarú Aontais ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0035043-0000 do ECA consortium A/S maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha 'ECA Disinfect skin Product family 7' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 21 Aibreán 2026 go dtí an 31 Márta 2036.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Márta 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

ECA Disinfect skin Product family 7

Cineál nó cineálacha táirge

PT01: Sláinteachas an duine

Uimhir an údaraithe EU-0035043-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0035043-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

Caibidil 1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	ECA Disinfect skin Product family 7

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT01: Sláinteachas an duine

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	ECA Consortium A/S
	Seoladh	Blegen 9, 4.th 6400 Sønderborg DK
Uimhir an údaraithe		EU-0035043-0000
Uimhir sócmhainne R4BP		EU-0035043-0000
Dáta an údaraithe		an 21 Aibreán 2026
Dáta éaga an údaraithe		an 31 Márta 2036

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	ECA Consortium
Seoladh an mhonaróra	Blegen 9 4.th 6400 Sønderborg An Danmhairg
Suíomh na láithreán monaraíochta	ECA Consortium, site 1 Åvej 19 2680 Solrød Strand An Danmhairg

Ainm an mhonaróra	ACS B.V.
Seoladh an mhonaróra	Oostergracht 17-11 3763 LX Soes An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	ACS B.V., site 1 Oostergracht 17-11 3763 LX Soes An Ísiltír ACS B.V., site 2 Sdr. Kajsgade 7-9 8500 Grenaa An Danmhairg

Ainm an mhonaróra	Actalys France
Seoladh an mhonaróra	Z.A du Haut ds Tappes, BP 70 065 54310 Homecourt An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	Actalys site 1 Z.A du Haut ds Tappes, BP 70 065 54310 Homecourt An Fhrainc

Ainm an mhonaróra	BEULCO GmbH & Co. KG
Seoladh an mhonaróra	Kölner Str. 92 D-57439 Attendorn An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	BEULCO GmbH & Co. KG site 1 Kölner Str. 92 D-57439 Attendorn An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Briotech European Operations Oy
Seoladh an mhonaróra	Teknobulevardi 3-5 01530 Vantaa An Fhionlainn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Briotech European Operations Oy Technopolis, site 1 Teknobulevardi 3-5 01530 Vantaa An Fhionlainn

Ainm an mhonaróra	CF Pharma
Seoladh an mhonaróra	73B Hebron Industrial Estate R95 CKK2 Kilkenny Éire
Suíomh na láithreán monaraíochta	CF Pharma, site 1 73B Hebron Industrial Estate R95 CKK2 Kilkenny Éire

Ainm an mhonaróra	Danish Clean Water A/S
Seoladh an mhonaróra	Nørrekobbel 11 6400 Sønderborg An Danmhairg
Suíomh na láithreán monaraíochta	Danish Clean Water A/S, site 1 Nørrekobbel 11 6400 Sønderborg An Danmhairg

Ainm an mhonaróra	Ecas Qauttro s.r.l.
Seoladh an mhonaróra	Pietro Miliani 7 40132 Bologna An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecas Quattro s.r.l., site 1 Pietro Miliani 7 40132 Bologna An Iodáil

Ainm an mhonaróra	ecabiotec AG
Seoladh an mhonaróra	Starkenburgstrasse 10 D-64546 Mörfelden An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ecabiotec AG, site 1 Starkenburgstrasse 10 D-64546 Mörfelden An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Elements of Water GmbH
Seoladh an mhonaróra	Unter dem Dostler 4 54296 Trier An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Elements of Water, site 1 Unter dem Dostler 4 54296 Trier An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Elox GmbH
Seoladh an mhonaróra	Auen Süduferstrasse 67 9220 Velden An Ostair
Suíomh na láithreán monaraíochta	Elox GmbH, site 1 Töschling 123 9212 Techelsberg An Ostair

Ainm an mhonaróra	Envira GmbH
Seoladh an mhonaróra	Karl-Emminger-Str.14-16 A-5020 Salzburg An Ostair
Suíomh na láithreán monaraíochta	Envira GmbH, site 1 Karl-Emminger-Str.14-16 A-5020 Salzburg An Ostair

Ainm an mhonaróra	Hydroliq solutions GmbH
Seoladh an mhonaróra	Staldenhof 17 CH 6014 Luzern An Eilvéis
Suíomh na láithreán monaraíochta	Hydroliq solution AG, site 1 Hydroliq solution AG 6014 Luzern An Eilvéis

Ainm an mhonaróra	HyperDes Water Technology
Seoladh an mhonaróra	Bastenauer Strasse 11 91637 Wornitz An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	HyperDES watertechnology, site 1 Bastenauer Strasse 11 91637 Wornitz An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Impressio GmbH
Seoladh an mhonaróra	Schäffergasse 20/26 1040 Vienna An Ostair
Suíomh na láithreán monaraíochta	Impressio GmbH, site 1 Hallerstrasse 43 6020 Innsbruck An Ostair

Ainm an mhonaróra	Innovacyn US / Costigan Scientific Ltd
Seoladh an mhonaróra	2 Barrack Street, Clarinbridge H91 XT44 Galway Éire
Suíomh na láithreán monaraíochta	Innovacyn US / Constigan Scientific Ltd, site 1 2 Barrack Street 103 348 Clarinbridge, Galway Éire

Ainm an mhonaróra	Innowatech GmbH
Seoladh an mhonaróra	Alte Kaserne 28 D-72186 Empfingen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Innowatech GmbH, site 1 Alte Kaserne 28 72186 Empfingen An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Noxefin GmbH & Co Ks
Seoladh an mhonaróra	Wimmentaler strasse 36 74189 Weinsberg-Grantchen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Noxefin GmbH & Co Ks, site 1 Wimmentaler strasse 36 7489 Weinsberg-Grantchen An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Nuova Control Systems Srl
Seoladh an mhonaróra	Viale Vittorio Veneto 60 59100 Prato An Iodáil
Suíomh na láithreán monaraíochta	Nuova Control Systems Srl, site 1 Via Franco Vannetti Donnini 72/2 59100 Prato An Iodáil

Ainm an mhonaróra	Newtec Umwelttechnik GmbH
Seoladh an mhonaróra	Am Borsigturm 62 13507 Berlin An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Newtec Umwelttechnik GmbH, site 1 Am Borsigturm 62 13507 Berlin An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	NPP Izumrud
Seoladh an mhonaróra	Pae tn 25-47, Harju county 11414 Tallinn An Eastóin
Suíomh na láithreán monaraíochta	NPP Izumrud, site 1 Pae tn 25-47, Harju county 11414 Tallinn An Eastóin

Ainm an mhonaróra	BBDistrilux
Seoladh an mhonaróra	6 rue Henri M.Schnadt 2530 Luxembourg Lucsamburg
Suíomh na láithreán monaraíochta	BBdistrilux, site 1 12 rue de l'industrie 3895 Foetz Lucsamburg

Ainm an mhonaróra	PureClean.eu ApS
Seoladh an mhonaróra	Runddelsvej 17 8930 Randers NØ An Danmhairg
Suíomh na láithreán monaraíochta	PureClean.eu ApS, site 1 Runddelsvej 17 8930 Randers An Danmhairg PureClean.eu ApS, site 2 Ruosilantie 7b 00390 Helsinki An Fhionlainn

Ainm an mhonaróra	Gotika 1212 s.r.o
Seoladh an mhonaróra	Arbesova 751/9 46001 Liberec An tSeicia
Suíomh na láithreán monaraíochta	Gotika 1212 s.r.o, site 1 Majerská 3 821 07 Bratislava An tSlóvaic

Ainm an mhonaróra	VDH watertechnology BV
Seoladh an mhonaróra	Glashorst 114 3925 BV Scherpenzeel An Ísiltír
Suíomh na láithreán monaraíochta	VDH Watertechnology B.V, site 1 Glashorst 114 3925 BV Scherpenzeel An Ísiltír

Ainm an mhonaróra	Watair GmbH
Seoladh an mhonaróra	Aebischen 41 3202 Frauenkoppelen An Eilvéis
Suíomh na láithreán monaraíochta	Watair GmbH, site 1 Aebischen 41 3202 Frauenkoppelen An Eilvéis

Ainm an mhonaróra	Ökopur GmbH
Seoladh an mhonaróra	Parkweg 10 D-74850 Schefflenz An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Ökopur GmbH, site 1 Parkweg 10 D-74850 Schefflenz An Ghearmáin

Ainm an mhonaróra	Veriforte GmbH
Seoladh an mhonaróra	Tobel 1505 8877 Murg An Eilvéis
Suíomh na láithreán monaraíochta	Veriforte GmbH, site 1 Katzmoosstraße 26a 5161 Elixhausen An Ostair

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Clóirín gníomhach a scaoiltear ó aigéad hipeaclórach
Ainm an mhonaróra	Innowatech GmbH
Seoladh an mhonaróra	Alte Kaserne 28 D-72186 Empfingen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán monaraíochta	Innowatech GmbH site 1 Alte Kaserne 28 72186 Empfingen An Ghearmáin

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad hipeaclórach	Aigéad hipeaclórach	Scaoilteoir	7790-92-3	232-232-5	0,075 - 0,1 % (w/w)
Clóirín gníomhach a scaoiltear ó aigéad hipeaclórach		Active substance			0,075 - 0,1 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

Caibidil 1. **MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meitea-SPC: Díghalrú craicinn

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT01: Sláinteachas an duine

Caibidil 2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad hipeaclórach	Aigéad hipeaclórach	Scaoilteoir	7790-92-3	232-232-5	0,075 - 0,1 % (w/w)
Clóirín gníomhach a scaoiltear ó aigéad hipeaclórach		Active substance			0,075 - 0,1 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	AL Aon leacht eile

Caibidil 3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1**

Ráitis ghuaise	H290: D'fhéadfadh sé a bheith creimneach do mhiotail.
Ráitis réamhchúraim	P390: Ionsúigh doirteadh chun damáiste d'ábhar a chosc. P234: Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin.

Caibidil 4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

1.1 Díghalrú láimhe neamhleighis (PT1)

An cineál táirge	PT01: Sláinteachas an duine
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Gnáthainm: Víris Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: pouring Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Doirt 3 ml ar lámha glana agus tirime, cuimil lámha go maith ar feadh 30 soicind. Déan an t-iarratas arís.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: 2 x 3 ml. Tá na táirgí réidh le húsáid (RTU) Airí uainithe: 3 ml ar feadh 30 soicind a rinneadh faoi dhó. Uasmhéid 25 uair sa lá (le húsáid ghairmiúil). Uasmhéid 10 n-uaire in aghaidh an lae (le húsáid neamhghairmiúil). Am teagmhála: 2 x 30 soicind. Ní mór an táirge a fhoirmliú go pH 4-8.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil an pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Umar buidéil agus IBC: Poileitiléin ard-dlúis (HDPE)/ poileitiléin teireaphtaláit (PET) Méideanna: Úsáideoirí neamhghairmiúla: Buidéal: 500 ml; 750 ml; 1 L Úsáideoirí gairmiúla: Buidéal: 500 ml; 750 ml; 1 L; 2,5 L; 5 L; 7,5 L; 10 L; 20 L. Umar IBC: 500 L; 600 L; 1000 L

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Cuir 3 ml ar lámha glana agus tirime, agus cuimil do lámha go maith ar feadh 30 soicind. Déan faoi dhó.

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach treoracha ginearálta úsáide.

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach treoracha ginearálta úsáide.

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach treoracha ginearálta úsáide.

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach treoracha ginearálta úsáide.

Caibidil 5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

Cloí leis na treoracha úsáide.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Níl aon bhearta maolaithe riosca ag teastáil

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Má tharlaíonn comharthaí, glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

MÁ SHLOGTAR É: Má tharlaíonn comharthaí, glaoigh ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

I GCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN GCRAICEANN: Má tharlaíonn greannú nigh le huisce agus lorg comhairle leighis. Má tharlaíonn teagmháil neamhbheartaithe leis an gcraiceann: nigh le huisce.

MÁ THITEANN SÉ I DO SHÚILE: Má tharlaíonn comharthaí sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí teagmhála, má tá siad i láthair agus má tá sé éasca é sin a dhéanamh. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Más gá comhairle leighis, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge ar láimh.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Déan an t-ábhar/coimeádán a dhiúscairt de réir rialacháin áitiúla/náisiúnta/idirnáisiúnta

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Saolré: 18 mí.

Ní mór é a stóráil ag teocht uasta 20 °C.

Cosain ó sioc.

Cosain ó sholas.

Coinnigh as rochtain leanaí agus ainmhithe/peataí nach spriocdhírithe iad

Caibidil 6. **FAISNÉIS EILE**

Maidir leis an nóta 'Catagóir/Catagóirí na n-úsáideoirí': Ciallaíonn 'gairmithe (lena n-áirítear úsáideoirí tionsclaíocha)' gairmithe oilte má cheanglaítear sin leis an reachtaíocht náisiúnta.

Caibidil 7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha			ECA Disinfect skin 750	Réimse margaidh: AE	
Uimhir an údaraithe			EU-0035043-0001 1-1		
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad hipeaclórach	Aigéad hipeaclórach	Scaoilteoir	7790-92-3	232-232-5	0,075 % (w/w)
Clóirín gníomhach a scaoiltear ó aigéad hipeaclórach		Active substance			0,075 % (w/w)

7.2. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha			ECA Disinfect skin 800	Réimse margaidh: AE	
Uimhir an údaraithe			EU-0035043-0002 1-1		
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad hipeaclórach	Aigéad hipeaclórach	Scaoilteoir	7790-92-3	232-232-5	0,08 % (w/w)
Clóirín gníomhach a scaoiltear ó aigéad hipeaclórach		Active substance			0,08 % (w/w)

7.3. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	ECA Disinfect skin 1000	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0035043-0003 1-1	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad hipeaclórach	Aigéad hipeaclórach	Scaoilteoir	7790-92-3	232-232-5	0,1 % (w/w)
Clóirín gníomhach a scaoiltear ó aigéad hipeaclórach		Active substance			0,1 % (w/w)